2024/2033

29.7.2024

CINNEADH (AE) 2024/2033 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Meán Fómhair 2023

maidir le beart SA.39451 (2015/C) (ex 2015/NN) arna chur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh Banca Tercas

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 6281)

(Is é an leagan Iodáilise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 108(2), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1), pointe (a) de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na bhforálacha ([1]) sin, agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) D'fhoghlaim an Coimisiún ón bpreas agus ó shuíomhanna gréasáin an bhainc Tercas-Cassa di Risparmio della Provincia di Teramo S.p.A (‘Tercas’) agus ó shuíomhanna gréasáin scéim ráthaithe taiscí na hIodáile (‘DGS’), *Fondo interbancario di tutela dei depositi* (‘FITD’), go ndearna FITD idirghabháil chun tacú leis an mbanc sin (‘idirghabháil tacaíochta FITD’).

(2) An 8 Lúnasa agus an 10 Deireadh Fómhair 2014, d'iarr an Coimisiún faisnéis ar an Iodáil. Thug an Iodáil freagra ar an iarraidh sin an 16 Meán Fómhair agus an 14 Samhain 2014.

(3) Le litir dar dáta an 27 Feabhra 2015 (‘cinneadh oscailte’), chuir an Coimisiún an Iodáil ar an eolas go raibh cinneadh déanta aige an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (‘CFAE’) a thionscnamh i leith na mbeart lena mbaineann.

(4) Foilsíodh an cinneadh tosaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. ([2]) D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoi na bearta lena mbaineann.

(5) An 2 Aibreán 2015, fuair an Coimisiún barúlacha ón Iodáil.

(6) An 22 Bealtaine 2015, fuair an Coimisiún barúlacha ó dhá pháirtí leasmhara, is iad sin Tercas agus Banca Popolare di Bari S.C.p.A. (‘BPB’).

(7) An lá céanna, fuair an Coimisiún barúlacha ó Bhanc na hIodáile agus FITD.

(8) An 9 Meitheamh 2015, chuir an Coimisiún na barúlacha dá dtagraítear in aithrisí (6) agus (7) ar aghaidh chuig an Iodáil, agus tugadh deis di freagra a thabhairt. Chuir an Iodáil an Coimisiún ar an eolas nach raibh tuairimí aici maidir leis na barúlacha sin.

(9) An 13 Lúnasa agus an 17 Meán Fómhair 2015, tionóladh dhá chruinniú idir an Coimisiún agus an Iodáil agus na páirtithe leasmhara. Ag na cruinnithe sin, d'fhorbair an Iodáil na hargóintí a leagadh amach ina teachtaireachtaí oifigiúla roimhe sin.

([1]) IO C 136, 24.4.2015, lch. 17.
([2]) Féach fonóta 1.

(10) Le Cinneadh (AE) 2016/1208 ón gCoimisiún, ([3])tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh ionann na bearta a rinne FITD i bhfabhar Tercas agus Státchabhair atá ar neamhréir leis an margadh inmheánach agus d'ordaigh sé an chabhair sin a aisghabháil.

(11) An 4 Márta, an 29 Aibreán agus an 1 Bealtaine 2016, thaisc an Iodáil, BPB agus FITD, le tacaíocht ó Bhanc na hIodáile, caingne os comhair na Cúirte Ginearálta inar iarradh Cinneadh (AE) 2016/1208 a chur ar neamhní.

(12) Lena breithiúnas an 19 Márta 2019 i gcásanna uamtha T-98/16, T-196/16 agus T-198/16 ([4]), chuir an Chúirt Ghinearálta Cinneadh (AE) 2016/1208 ar neamhní.

(13) Bhí tuilleadh plé idir an Coimisiún agus an Iodáil an 20 Nollaig 2019, an 30 Eanáir 2020 agus an 19 Feabhra 2020.

(14) Lena breithiúnas an 2 Márta 2021 i gcás C-425/19 P ([5]), dhíbh an Chúirt Bhreithiúnais achomharc a thaisc an Coimisiún in aghaidh an bhreithiúnais i gcásanna uamtha T-98/16, T-196/16 agus T-198/16.

2. CÚLRA AGUS TUAIRISC MHIONSONRAITHE AR NA BEARTA

2.1. Tercas

(15) Ba é Tercas an chuideachta sealbhaíochta i ngrúpa baincéireachta a bhí ag feidhmiú go príomha i réigiún Abruzzo. Ag deireadh 2011, ba é Fondazione Tercas príomhscairshealbhóir na cuideachta sealbhaíochta, a raibh leas 65 % aige sa chuideachta sealbhaíochta an tráth sin.

(16) Ag deireadh 2011, bhí an grúpa comhdhéanta den chuideachta sealbhaíochta agus Banca Caripe S.p.A. ('Caripe'), ar banc réigiúnach é atá gníomhach go príomha i réigiún Abruzzo a fuair Tercas ag deireadh 2010 (le leas 90 % ann) agus a comhdhlúthaíodh i dtuarascálacha airgeadais Tercas.

(17) Ag deireadh 2011, bhí clár comhardaithe iomlán de EUR 5,3 billiún ag Tercas, EUR 4,5 billiún de ghlaniasachtaí custaiméara, EUR 2,7 billiún de thaiscí custaiméara, 165 bhrainse agus 1 225 fhostaí.

(18) An 17 Aibreán 2012, tar éis dó dul ar aghaidh le cigireacht ar Tercas ([6]), mhol Banc na hIodáile d'Aireacht Geilleagair agus Airgeadais na hIodáile an banc a chur faoi riarachán speisialta i gcomhréir le hAirteagal 70 d'Acht Baincéireachta na hIodáile ([7]) (*Testo Unico Bancario*, 'TUB').

(19) An 30 Aibreán 2012, d'eisigh Aireacht Geilleagair agus Airgeadais na hIodáile foraithne chun Tercas a chur faoi riarachán speisialta ([8]). Cheap an Banc na hIodáile riarthóir speisialta chun an cás a fhionnadh, neamhrialtachtaí a cheartú, agus réitigh úsáideacha a chur chun cinn chun leasa na dtaisceoirí. Chuaigh an riarthóir speisialta i mbun oifige an 4 Bealtaine 2012.

(20) Rinne riarthóir speisialta Tercas measúnú ar roghanna éagsúla chun teacht ar réiteach ar dheacrachtaí Tercas. Ar dtús, bhreithnigh an riarthóir speisialta dhá rogha chun Tercas a athchaipitliú, trí idirghabháil Fondazione Tercas (príomh-scairshealbhóir Tercas) nó Credito Valtellinese (scairshealbhóir a bhfuil leas 7,8 % aige), ach ansin chuir sé na roghanna sin i leataobh.

([3]) Cinneadh (AE) 2016/1208 ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2015 maidir le Státchabhair arna deonú ag an Iodáil don bhanc Tercas (Cás SA.39451 (2015/C) (ex 2015/NN)) (IO L 203, 28.7.2016, lch. 1).

([4]) Breithiúnas an 19 Márta 2019, *An Iodáil agus eile* v *an Coimisiún*, T-98/16, T-196/16 agus T-198/16, ECLI:EU:T:2019:167.

([5]) Breithiúnas an 2 Márta 2021, *an Coimisiún* v *An Iodáil agus eile*, C-425/19 P, ECLI:EU:C:2021:154.

([6]) Idir an 5 Nollaig 2011 agus an 23 Márta 2012, rinne Banc na hIodáile cigireacht ar Tercas. Le linn na cigireachta, d'aimsigh Banc na hIodáile go leor neamhrialtachtaí agus saincheisteanna forleathana maidir leis an méid seo a leanas: i) bainistiú agus rialú an bhainc; ii) an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí; iii) an próiseas creidmheasa; iv) faisnéis a nochtadh do chomhlachtaí rialaithe agus don chomhlacht maoirseachta.

([7]) *Decreto legislativo 1° settembre 1993, n. 385 – "Testo unico delle leggi in materia bancaria e creditizia" (Gazzetta Ufficiale della Repubblica Italiana, Serie generale n. 230, 30.9.1993 - Supplemento ordinario n. 92)*. Tuigfear le tagairtí do TUB go dtagraíonn siad don leagan a bhí infheidhme tráth na hidirghabhála tacaíochta ó FITD.

([8]) Ar fhorais neamhrialtachtaí riaracháin tromchúiseacha agus sáruithe tromchúiseacha ar dhlíthe.

(21) I mí Dheireadh Fómhair 2013, bhí teagmháil ag riarthóir speisialta Tercas, i gcomhaontú le Banc na hIodáile, le BPB, rud a léirigh an spéis a bhí aige caipiteal a instealladh in Tercas, ar choinníoll go bhforghníomhódh FITD dícheall cuí maidir le sócmhainní Tercas agus Caripe agus go gcumhdódh FITD cothromas diúltach Tercas ina iomláine.

(22) An 25 Deireadh Fómhair 2013, chuir riarthóir speisialta Tercas iarraidh faoi bhráid FITD, ar bhonn Airteagal 29 de reachtanna FITD ([9]), ar idirghabháil tacaíochta suas le EUR 280 milliún lenar bhain athchaipitliú chun cothromas diúltach Tercas a chumhdach ón 30 Meán Fómhair 2013 ar aghaidh agus gealltanas ó FITD sócmhainní lagaithe a fháil.

(23) Chinn Coiste Feidhmiúcháin FITD, ag an gcruinniú a bhí aige an 28 Deireadh Fómhair 2013, idirghabháil a dhéanamh chun tacú le Tercas i gcomhréir le hAirteagal 96-ter, mír 1, pointe (d), de TUB, ar mhéid suas le EUR 280 milliún. Dhaingnigh bord FITD an idirghabháil an 29 Deireadh Fómhair 2013.

(24) An 30 Deireadh Fómhair 2013, d'iarr FITD údarú ó Bhanc na hIodáile chun an idirghabháil tacaíochta sin a chur chun feidhme. An 4 Samhain 2013, dheonaigh Banc na hIodáile an t-údarú do FITD. Mar sin féin, ní dhearna FITD an idirghabháil tacaíochta sin ar deireadh thiar.

(25) An 18 Márta 2014, tugadh i gcrích an dícheall cuí maidir le sócmhainní Tercas agus Caripe agus bhí easaontas idir saineolaithe FITD agus saineolaithe an ghrúpa baincéireachta faoi rialú na cuideachta sealbhaíochta BPB. Rinne eadránaí a roghnaíodh ar mholadh ó Bhanc na hIodáile an tsaincheist a réiteach. Nochtadh leis an dícheall cuí tuilleadh laguithe sócmhainní.

(26) An 1 Iúil 2014, chuir FITD an dara hiarraidh ar údarú faoi bhráid Bhanc na hIodáile chun idirghabháil tacaíochta a dheonú do Tercas ar théarmaí modhnaithe.

(27) An 7 Iúil 2014, d'údaraigh Banc na hIodáile an idirghabháil tacaíochta sin ar théarmaí modhnaithe ([10]).

(28) D'údaraigh Banc na hIodáile do riarthóir speisialta Tercas cruinniú urghnách scairshealbhóirí a ghairm an 27 Iúil 2014, cruinniú ina raibh na bearta le cinneadh chun na caillteanais a tharla le linn an riaracháin speisialta a chumhdach agus maidir le méadú comhuaineach caipitil EUR 230 milliún a bhí forchoimeádta do BPB.

(29) B'ionann caillteanais in Tercas le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2012 go dtí an 31 Márta 2014 agus EUR 603 milliún. Tar éis staid an chuntais chaipitil a bhí fágtha de EUR 337 milliún a dhíluacháil go hiomlán, bhí glanchothromas Tercas diúltach an 31 Márta 2014 agus b'ionann é agus EUR -266 milliún.

(30) An 27 Iúil 2014, cinneadh an méid seo a leanas ag cruinniú scairshealbhóirí Tercas ([11]):

(a) na caillteanais a chumhdach go páirteach, *inter alia*, trí chaipiteal a laghdú go nialas trí na gnáthscaireanna uile a bhí i gcúrsaíocht a chur ar ceal;

(b) an caipiteal a mhéadú go EUR 230 milliún trí ghnáthscaireanna nua a eisiúint a tairgeadh go heisiach do BPB. Cuireadh an méadú caipitil sin i gcrích an 27 Iúil 2014 agus íocadh é, lena ndearnadh creidmheas EUR 480 milliún BPB i leith Tercas (a chomhfhreagraíonn d'iasacht arna deonú ag BPB an 5 Samhain 2013) a fhritháireamh go páirteach.

(31) I mí Mheán Fómhair 2014, rinne Tercas athchaipitliú ar a fhochuideachta Caripe le hinstealladh caipitil EUR 75 milliún.

(32) An 1 Deireadh Fómhair 2014, cuireadh deireadh le riarachán speisialta Tercas agus cheap BPB bainistíocht nua.

(33) Ag deireadh an riaracháin speisialta an 30 Meán Fómhair 2014, bhí sócmhainní iomlána luach EUR 2 994 milliún ag Tercas, EUR 2 198 i dtaiscí custaiméara, glaniasachtaí tuillmheacha luach EUR 1 766 milliún, forálacha le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha luach EUR 716 milliún agus caipiteal iomlán leibhéal 1 luach EUR 182 milliún.

([9]) Tuigfear gurb ionann tagairtí do reachtanna FITD agus tagairt don leagan a bhí infheidhme tráth na hidirghabhála tacaíochta ó FITD.
([10]) Féach aithris (43).
([11]) Miontuairiscí chruinniú na scairshealbhóirí, *repertorio n. 125.149, raccolta n. 28.024 del 29 luglio 2014*, an nótaire Dr. Vincenzo Galeota.

(34) I mí an Mhárta 2015, shuibscríobh BPB méadú nua caipitil de Tercas ar mhéid EUR 135,4 milliún (EUR 40,4 milliún de don fhochuideachta Caripe), chun dul i ngleic le caillteanais bhreise arna dtabhú sa cheathrú ráithe de 2014, chun costais athstruchtúraithe in 2015 agus in 2016 a chumhdach agus chun feabhas a chur ar chóimheasa caipitil Tercas.

2.2. **BPB**

(35) Ba é BPB an chuideachta sealbhaíochta ag grúpa baincéireachta a bhí ag feidhmiú i ndeisceart na hIodáile go príomha. Ó dheireadh 2013 ar aghaidh, bhí clár comhardaithe iomlán de EUR 10,3 billiún ag BPB, EUR 6,9 billiún d'iasachtaí custaiméara, EUR 6,6 billiún de thaiscí custaiméara, 247 mbrainse agus 2 206 fhostaí, cóimheas caipitil leibhéal 1 de 8,1 % agus cóimheas caipitil iomlán de 11 %.

(36) I mí na Nollag 2014, rinne BPB méadú caipitil EUR 500 milliún, lena gcuimsítear scaireanna nua suas le EUR 300 milliún a eisiúint, agus iasacht fho-ordaithe leibhéal 2 suas le EUR 200 milliún a eisiúint. Leis an méadú caipitil, neartaíodh cóimheasa caipitil BPB, a raibh tionchar ag fáil Tercas orthu.

2.3. **Creat scéim ráthaithe taiscí na hIodáile agus FITD**

(37) De réir Threoir 94/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]), a bhí infheidhme tráth na hidirghabhála tacaíochta ó FITD, ní féidir le hinstitiúid creidmheasa taiscí a ghlacadh mura bhfuil sí ina comhalta de scéim ráthaithe taiscí atá aitheanta go hoifigiúil ([13]). De réir Airteagal 96, mír 1, de TUB, '*Beidh bainc na hIodáile ina gcomhaltaí de cheann de na scéimeanna ráthaithe taiscí atá bunaithe agus aitheanta san Iodáil. Beidh comharchomhlachais chreidmheasa [banche di credito cooperativo] ina gcomhaltaí den scéim ráthaithe taiscí arna bunú laistigh dá réimse*' ([14]).

(38) Tráth idirghabháil tacaíochta FITD, bunaíodh dhá scéim ráthaithe taiscí san Iodáil:

(a) FITD, cuibhreannas sainordaitheach arna bhunú faoin dlí príobháideach, an t-aon scéim ráthaithe taiscí bhunaithe agus aitheanta de chuid na hIodáile a raibh ballraíocht inti oscailte do bhainc nach comharchomhlachais chreidmheasa iad. De réir Airteagal 2 de reachtanna FITD, arna bhformheas ag Banc na hIodáile, '*Beidh bainc na hIodáile ina gcomhaltaí den Chiste cé is moite de chomharchomhlachais chreidmheasa*';

(b) Fondo di Garanzia dei Depositanti del Credito Cooperativo, scéim ráthaithe taiscí reachtúil nach raibh ballraíocht inti oscailte ach do chomharchomhlachais chreidmheasa agus a raibh sí sainordaitheach dóibh.

(39) De bhun Airteagal 96-bis de TUB agus Airteagal 29 de reachtanna FITD, d'fhéadfadh FITD tabhairt faoi idirghabhálacha tacaíochta i bhfabhar comhaltaí a bhí faoi réir riarachán speisialta faoi choinníollacha áirithe.

(40) Maoiníodh na hidirghabhálacha sin *ex post* le ranníocaíochtaí ó na bainc is comhaltaí. Cinneadh méid na ranníocaíochtaí aonair i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha ([15]) i gcomhréir le méid na dtaiscí cumhdaithe a bhí i seilbh gach bainc. Níor taifeadadh ranníocaíochtaí go díreach isteach i gclár comhardaithe FITD, ach taifeadadh iad i gcuntais ar leithligh le haghaidh gach idirghabhála lena mbaineann.

([12]) Treoir 94/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir le scéimeanna ráthaithe taiscí (IO L 135, 31.5.1994, lch. 5).

([13]) Airteagal 3(1) de Threoir 94/19/CE.

([14]) 'Le banche italiane aderiscono a uno dei sistemi di garanzia dei depositanti istituiti e riconosciuti san Iodáil. Le banche di credito cooperativo aderiscono al sistema di garanzia dei depositanti costituito nel loro ambito'.

([15]) Airteagal 25 de reachtanna FITD, agus Airteagail 9 go 14 den iarscríbhinn a ghabhann le reachtanna FITD.

(41) Rinne dhá chomhlacht rialaithe FITD cinntí chun idirghabhálacha tacaíochta a dhéanamh:

(a) an Bord ([16]), a chinn le tromlach glan de na comhaltaí a bhí i láthair ag an gcruinniú ina ndearnadh an cinneadh. Is iad comhaltaí an Bhoird a cheap Uachtarán an Bhoird. Roghnaíodh gnáthchomhaltaí an Bhoird i gcomhréir le méid na dtaiscí cumhdaithe a bhí i seilbh gach bainc, rud a thug tús áite do ranníocóirí níos mó, ach a d'áirithigh go raibh ionadaíocht ag bainc níos lú freisin ([17]). Den chuid is mó, ba ionadaithe ar na bainc is comhaltaí ba mhó iad gnáthchomhaltaí an Bhoird, 23 ag an am, ([18]) le dhá ionadaí ó Unicredit, Intesa Sanpaolo agus Monte dei Paschi di Siena. Bhí Uachtarán Associazione Bancaria Italiana (ABI) ina chomhalta den Bhord freisin;

(b) an Coiste Feidhmiúcháin ([19]), a rinne cinneadh trí thromlach na gcomhaltaí a bhí i láthair ag an gcruinniú ina ndearnadh an cinneadh. Ba iad Uachtarán an Bhoird, Leas-Uachtarán an Bhoird a ghníomhaigh freisin mar Leas-Uachtarán an Choiste agus sé chomhalta eile den Bhord comhaltaí an Choiste.

(42) Maidir le hidirghabhálacha tacaíochta i bhfoirm maoinithe agus ráthaíochtaí, tugadh de chumhacht don Choiste Feidhmiúcháin cinntí a dhéanamh ([20]), agus maidir le leasanna cothromais agus tacaíocht theicniúil eile a fháil chinn an Bord ar thogra ón gCoiste Feidhmiúcháin ([21]).

2.4. **Na bearta a ndearnadh imscrúdú orthu**

(43) Bhí na bearta seo a leanas i gceist le hidirghabháil tacaíochta FITD arna húdarú ag Banc na hIodáile an 7 Iúil 2014 ('bearta arna ndéanamh ag FITD'):

(a) *beart 1*: EUR 265 milliún mar ranníocaíocht neamh-inaisíoctha chun cothromas diúltach Tercas a chumhdach;

(b) *beart 2*: EUR 35 milliún mar ráthaíocht (ar feadh suas le trí bliana) chun an riosca creidmheasa a bhaineann le neamhchosaintí áirithe Tercas a chumhdach. Rinne na féichiúnaithe na neamhchosaintí sin (dhá iasacht cnap-aisíocaíochta a tháinig in aibíocht an 31 Márta 2015) a aisíoc go hiomlán tráth a n-aibíochta agus, dá bhrí sin, chuaigh an ráthaíocht in éag gan a bheith spreagtha;

(c) *beart 3*: suas le EUR 30 milliún mar ráthaíocht chun costais bhreise a d'eascair as íocaíochtaí cánach ar bheart 1 a chumhdach. Bheadh gá le híocaíochtaí cánach den sórt sin mura mbeadh beart 1 díolmhaithe ó cháin faoi dhlí na hIodáile. Bheadh an díolúine cánach shonrach sin le haghaidh bearta idirghabhála ag FITD, de réir dhlí ábhartha na hIodáile, faoi réir fhormheas an Choimisiúin Eorpaigh ([22]). D'íoc FITD an méid iomlán EUR 30 milliún le Tercas tráth nach raibh cinneadh déanta ag an gCoimisiún maidir leis an díolúine sin.

2.5. **Cinneadh (AE) 2016/1208**

(44) I gCinneadh (AE) 2016/1208, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh Státchabhair neamhdhleathach do Tercas i gceist leis na bearta a rinne FITD agus d'ordaigh sé an chabhair sin a aisghabháil láithreach agus go héifeachtach.

([16]) Airteagail 3 go 15 de reachtanna FITD.
([17]) Airteagal 12(3) de reachtanna FITD.
([18]) Airteagal 13(10) de reachtanna FITD. An tráth sin, rinne dhá chomhalta in aghaidh na hinstitiúide ionadaíocht ar Unicredit, Intesa Sanpaolo agus Monte dei Paschi di Siena. Rinne aon chomhalta amháin in aghaidh na hinstitiúide ionadaíocht ar Credem, Credito Valtellinese, BNL, Deutsche Bank, Cariparma, Veneto Banca, CheBanca, BPM, Banco Desio e della Brianza, UBI, Banca di Credito Popolare Torre del Greco, Cassa di Risparmio di Rimini, Banca Popolare Pugliese, Unipol Banca, Banco Popolare, Banca Popolare dell'Emilia-Romagna agus banca del Piemonte.
([19]) Féach Airteagail 16, 17 agus 18 de reachtanna FITD.
([20]) Airteagal 17(1), pointe (a), de reachtanna FITD.
([21]) Airteagal 14(1), pointe (e), de reachtanna FITD.
([22]) De réir Airteagal 1, mír 627, de 'Legge 7 dicembre 2013, n. 147 – 'Disposizioni per la formazione del bilancio annuale e pluriennale dello Stato (Legge di stabilità 2014)' ('Dlí 147/2013'), '*Ai fini del riassetto economico e finanziario dei soggetti in amministrazione straordinaria, gli interventi di sostegno disposti dal Fondo interbancario di tutela dei depositi non concorrono alla formazione del reddito dei medesimi soggetti*'. De réir Airteagal 1, mír 628, de Dhlí 147/2013, '*L'efficacia delle disposizioni del comma 627 è subordinata all'autorizzazione della Commissione europea*'.

(45) Agus measúnú á dhéanamh, go háirithe, i gCinneadh (AE) 2016/1208, ar a mhéid atá na bearta a rinne FITD inleagtha ar an Iodáil, mheabhraigh an Coimisiún gur shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais ina breithiúnas *Stardust Marine* ([23]) gur féidir a bheith inleagtha ar an Stát beart cabhrach arna dhéanamh ag comhlacht neamhspleách *prima facie*, nach cuid den Stát é féin, a thuiscint ó thacar táscairí a eascraíonn as imthosca an cháis. Táscaire amháin den sórt sin is ea nach féidir leis an gcomhlacht atá i gceist an cinneadh atá faoi chonspóid a dhéanamh gan ceanglais nó treoracha na n-údarás poiblí a chur san áireamh sula ndéanfaidh sé an cinneadh a líomhnaítear a bhaineann le Státchabhair. D'fhéadfadh táscairí eile a bheith ábhartha, in imthosca áirithe, chun teacht ar an gconclúid go bhfuil beart cabhrach arna dhéanamh ag gnóthas poiblí inleagtha ar an Stát (aithrisí (115) agus (116) de Chinneadh (AE) 2016/1208).

(46) Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún go bhféadfaí a thuiscint, *inter alia*, ó na gnéithe seo a leanas, i dteannta a chéile ina n-iomláine, go raibh na bearta a rinne FITD inleagtha ar an Iodáil:

(a) cuireadh sainordú poiblí de chúram ar FITD leis an dlí, is é sin coigilteas agus taisceoirí a chosaint, rud a léiríodh i gcineálacha éagsúla idirghabhála. B'éigean forálacha TUB, lenar cuireadh ar chumas FITD na hacmhainní a bailíodh ó bhainc is comhaltaí a úsáid le haghaidh cineálacha éagsúla idirghabhálacha tacaíochta, amhail sa chás atá á bhreithniú, a léamh mar léiriú ar an sainordú poiblí sin (aithrisí (117) go (121) de Chinneadh (AE) 2016/1208).

Cé gur cuibhreannas faoi rialú an dlí phríobháidigh a bhí in FITD, ní fhéadfaí a mheas gur leor é a bheith comhdhéanta i bhfoirm comhlachta faoin ngnáthdhlí chun a eisiamh go bhféadfadh beart a dhéanann comhlacht den sórt sin a bheith inleagtha ar an Stát. Ní chuireann an neamhspleáchas atá ag gnóthas, i bprionsabal, cosc ar rannpháirtíocht an Stáit sa chleachtas (aithris (122) de Chinneadh (AE) 2016/1208).

In aon chás, le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta tugadh an t-údarás agus na modhanna do Bhanc na hIodáile chun a áirithiú go gcomhlíonfadh gach idirghabháil ó FITD ag gníomhú dó mar scéim ráthaithe taiscí atá aitheanta faoi TUB a shainordú poiblí agus go rannchuideodh siad le taisceoirí a chosaint. Dá bhrí sin, bhí ar Bhanc na hIodáile aon idirghabháil den sórt sin ó FITD a fhormheas ar a fhiúntas, agus measúnú á dhéanamh aige cé acu a chomhlíon sé a shainordú poiblí faoi TUB nó nár chomhlíon (aithrisí (123) agus (124) de Chinneadh (AE) 2016/1208);

(b) bhí cumhachtaí fadréimseacha ag Banc na hIodáile maidir le FITD faoi TUB agus bhí cumhachtaí éagsúla ag údaráis phoiblí na hIodáile maidir le bearta a ghlacadh amhail na bearta atá á mbreithniú, nach bhféadfaí a dhéanamh ach do bhainc atá faoi riarachán speisialta. Bhí sé de chumhacht acu na bearta sin a thionscnamh, trí iarraidh ó riarthóir speisialta (oifigeach poiblí arna cheapadh agus arna mhaoirsiú ag Banc na hIodáile), agus tionchar a imirt orthu, i bhfianaise chumhacht Bhanc na hIodáile iad a údarú ó thaobh substainte de agus láithreacht údarás poiblí i ngach cruinniú cinnteoireachta ábhartha, ina raibh siad in ann ábhair imní a chur in iúl (aithrisí (127) go (130) de Chinneadh (AE) 2016/1208);

(c) d'fheidhmigh údaráis phoiblí na hIodáile na cumhachtaí a bhí ar fáil dóibh i gcomhthéacs ghlacadh na mbeart atá i gceist. Léiríodh sna doiciméid ábhartha a chuir an Iodáil isteach gur údaraigh Banc na hIodáile na bearta a rinne FITD ag féachaint do leasanna taisceoirí agus cliant de réir bhrí fhorálacha ábhartha TUB agus, dá bhrí sin, i gcomhréir le forálacha sonracha náisiúnta beartais phoiblí. Rinneadh an chaibidlíocht idir riarthóir speisialta Tercas agus BPB '*i gcomhar le Banc na hIodáile*'. Thairis sin, d'iarr Banc na hIodáile ar FITD teacht ar chomhaontú cothrom le BPB (aithris (131) de Chinneadh (AE) 2016/1208).

I bhfianaise na ngnéithe sin chomh maith leo siúd dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), thug an Coimisiún faoi deara gur leagadh síos aidhmeanna agus cuspóirí na hidirghabhála atá i gceist go mionsonraithe le sainordú poiblí FITD faoi TUB agus go raibh siad á rialú ó thaobh substainte de ag na húdaráis phoiblí (aithris (132) de Chinneadh (AE) 2016/1208).

([23]) Breithiúnas an 16 Bealtaine 2002, *An Fhrainc v an Coimisiún*, C-482/99, EU:C:2002:294.

(47) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ar an mbonn sin go raibh ábhar, compás agus cuspóir na mbeart atá faoi bhreithniú sa chaoi is gur léirigh na gnéithe thuasluaite nach dócha go dtarlódh sé nach mbeadh na húdaráis phoiblí rannpháirteach ina nglacadh agus go raibh táscairí leordhóthanacha ann chun a léiriú go raibh na bearta sin inleagtha ar an Stát agus gur maoiníodh iad trí acmhainní Stáit. Fiú dá bhféádfadh sé, i bprionsabal, ina gceann agus ina gceann, nach leor iontu féin roinnt de na gnéithe thuasluaite chun teacht ar an gconclúid go raibh na bearta inleagtha ar an Stát, arna nglacadh ina n-iomláine, léirigh an tacar táscairí sin go raibh na bearta inleagtha ar an Iodáil (aithrisí (143), (144) agus (145) de Chinneadh (AE) 2016/1208).

2.6. **Achoimre ar imeachtaí Cúirte ábhartha**

2.6.1. *Neamhniú Chinneadh (AE) 2016/1208 ag an gCúirt Ghinearálta: an breithiúnas i gcásanna uamtha T-98/16, T-196/16 agus T-198/16*

(48) Leis an mbreithiúnas uaithi i gcásanna uamtha T-98/16, T-196/16 agus T-198/16, chuir an Chúirt Ghinearálta Cinneadh (AE) 2016/1208 ar neamhní ar an bhforas nár comhlíonadh an chéad choinníoll chun go n-aicmeofaí cabhair mar 'Státchabhair' chun críocha Airteagal 107(1) CFAE, is é sin go ndeonódh an Stát an chabhair sin nó go ndeonófaí trí acmhainní Stáit í.

(49) A mhéid a bhaineann, go sonrach, le hinleagthacht na mbeart a rinne FITD don Iodáil, tar éis anailís a dhéanamh ar an bhfianaise ar ar bhraith an Coimisiún, chinn an Chúirt Ghinearálta nár chruthaigh an Coimisiún ar an gcaighdeán dlíthiúil is gá go raibh baint ag údaráis phoiblí na hIodáile le glacadh na mbeart sin nó go raibh siad inleagtha ar an Stát de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE ([24]).

(50) Go háirithe, rinne an Chúirt Ghinearálta measúnú ar raon feidhme an tsainordaithe phoiblí a tugadh do FITD agus ar a uathriail agus na bearta á nglacadh aige.

(51) Chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh na bearta a rinne FITD dírithe go príomha ar leasanna príobháideacha na mbanc is comhaltaí de FITD a chur chun cinn agus, cé go bhféadfadh na leasanna príobháideacha sin a bheith i gcomhthráth le leas an phobail, nár thug sé sin le fios ann féin go bhféadfadh na húdaráis phoiblí a bheith rannpháirteach i nglacadh birt ([25]). Shonraigh an Chúirt Ghinearálta freisin nár thug na bearta a rinne FITD éifeacht do shainordú poiblí a tugadh le dlí na hIodáile, rud a bhí contrártha leis an méid a bhreithnigh an Coimisiún i gCinneadh (AE) 2016/1208. Is éard amháin a bhí sa sainordú poiblí a tugadh do FITD taisceoirí a aisíoc, mar scéim ráthaithe taiscí, i gcásanna ina raibh banc is comhalta de FITD faoi réir leachtú éigeantach. ([26])

(52) Thairis sin, dúirt an Chúirt Ghinearálta nach raibh aon toisc a bhaineann leis an gcaoi ar eagraíodh FITD a nascfadh FITD le húdaráis phoiblí na hIodáile agus nár chruthaigh an Coimisiún rannpháirtíocht údaráis phoiblí na hIodáile i nglacadh na mbeart atá i gceist. ([27])

(53) I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, nach táscaire é údarú Bhanc na hIodáile ar na bearta a rinne FITD chun tairbhe Tercas lenar cumasaíodh na bearta atá i gceist a inleagan ar an Iodáil, ós rud é, i ndáil leis sin, nach raibh an Stát ach ag déanamh faireachán ar chomhlíonadh na mbeart leis an gcreat rialála ar mhaithe le maoirseacht stuamachta ([28]). Ar an dara dul síos, mheas an Chúirt Ghinearálta nach raibh láithreacht ionadaithe Bhanc na hIodáile ag cruinnithe chomhlachtaí rialaithe FITD ina fianaise leordhóthanach go raibh na bearta inleagtha ar an Stát, ós rud é nach raibh sna hionadaithe sin ach breathnóirí nach raibh aon cheart vótála acu agus nach raibh siad in ann comhairle a thabhairt ([29]). Ar an tríú dul síos, dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta nár thug an Coimisiún fianaise ar aird lena gcruthaítear go raibh tionchar cinntitheach ag Banc na hIodáile ar an gcaibidlíocht a rinneadh idir, ar thaobh amháin, FITD agus, ar an taobh eile, BPB agus an riarthóir speisialta, agus gur bhain Banc na hIodáile úsáid as a theagmhálaithe le FITD chun tionchar cinntitheach a bheith aige ar ábhar na mbeart atá i gceist. Chinn an Chúirt Ghinearálta nár cheadaigh na teagmhálaithe sin ach amháin Banc na hIodáile a chur ar an eolas faoi fhorbairtí ina cháil mar údarás maoirseachta inniúil agus nach raibh tionchar acu ar chinneadh FITD bearta a dhéanamh chun leasa Tercas ([30]). Ar deireadh, dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta nach bhféadfadh ról an riarthóra speisialta sa phróiseas sin amhras a chaitheamh ar uathriail FITD maidir le cinneadh a dhéanamh ar cheart

([24]) Breithiúnas i gcásanna uamtha T-98/16, T-196/16 agus T-198/16, mír 132.
([25]) *Ibid,* míreanna 96 go 99.
([26]) *Ibid,* míreanna 100 go 106.
([27]) *Ibid,* míreanna 113 agus 132.
([28]) *Ibid,* míreanna 115 go 120.
([29]) *Ibid,* míreanna 121 go 124.
([30]) *Ibid,* míreanna 125, 126 agus 127.

idirghabháil a dhéanamh nó nár cheart. Thairis sin, níor léirigh an fhianaise a tugadh ar aird gur mar thoradh ar threoracha a thug Banc na hIodáile a rinne an riarthóir speisialta iarraidh ar FITD idirghabháil a dhéanamh. ([31])

(54) I bhfianaise sin, chinn an Chúirt Ghinearálta nár chruthaigh an Coimisiún ar an gcaighdeán dlíthiúil is gá go raibh baint ag údaráis phoiblí na hIodáile le glacadh na mbeart a rinne FITD, nó, dá bhrí sin, go raibh na bearta sin inleagtha ar an Stát de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

(55) Rinne an Coimisiún achomharc in aghaidh an bhreithiúnais i gcásanna uamtha T-98/16, T-196/16 agus T-198/16, lenar neamhníodh Cinneadh (AE) 2016/1208.

2.6.2. *Rialú na Cúirte Breithiúnais lena ndiúltaítear achomharc an Choimisiúin*

(56) Lena breithiúnas i gcás C-425/19 P, dhiúltaigh an Chúirt Bhreithiúnais an t-achomharc a thaisc an Coimisiún in aghaidh an bhreithiúnais i gcásanna uamtha T-98/16, T-196/16 agus T-198/16.

(57) A mhéid a bhaineann go sonrach le hinleagthacht na mbeart a rinne FITD i leith na hIodáile, dúirt an Chúirt Bhreithiúnais nach ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid agus í ag meas nár ceadaíodh na bearta i gceist a chur i leith na hIodáile leis an bhfianaise a chuir an Coimisiún ar aghaidh chun tionchar údaráis phoiblí na hIodáile ar FITD a léiriú.

(58) Chinn an Chúirt Bhreithiúnais nár chuir an Chúirt Ghinearálta de cheangal ar an gCoimisiún caighdeán cruthúnais níos airde a chomhlíonadh, i ndáil le hinleagthacht an bhirt i leith an Stáit, toisc amháin gur eintiteas príobháideach é FITD, ach gur tháinig sí ar na conclúidí iomchuí ó na difríochtaí oibiachtúla idir cás inar gnóthas poiblí é an t-eintiteas a sholáthraíonn an chabhair agus cás inar eintiteas príobháideach é an t-eintiteas sin. Shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais ina leith sin go n-eascraíonn an fhianaise iomchuí chun a léiriú go bhfuil beart inchurtha as imthosca an cháis agus as an gcomhthéacs ina ndearnadh an beart sin agus go bhfuil an easpa naisc de chineál caipitil idir an t-eintiteas lena mbaineann agus an Stát ábhartha ina leith sin ([32]).

(59) Chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl freisin nach féidir a cásdlí maidir leis an gcoincheap 'eascróg an Stáit', a forbraíodh d'fhonn ligean do dhaoine aonair brath ar fhorálacha neamhchoinníollacha agus atá beacht go leor de threoir nach bhfuil trasuite nó atá trasuite go mícheart, in aghaidh eagraíochtaí nó comhlachtaí atá faoi réir údarás nó rialú an Stáit, a chur i bhfeidhm maidir leis an gceist cé acu atá bearta cabhrach inleagtha ar an Stát chun críocha Airteagal 107(1) CFAE nó nach bhfuil ([33]).

(60) Ina theannta sin, thug an Chúirt Bhreithiúnais dá haire nár theip ar an gCúirt Ghinearálta anailís fhoriomlán a dhéanamh ar an bhfianaise a chuir an Coimisiún ar fáil. Ba ar bhonn na hanailíse ar an bhfianaise ar fad ar ar bhraith an Coimisiún, arna ghlacadh sa chomhthéacs cuí, a chinn an Chúirt Ghinearálta go ndearna an Coimisiún earráid dlí agus é ag glacadh leis gur léirigh sé gur fheidhmigh údaráis na hIodáile rialú poiblí substaintiúil chun na bearta a rinne FITD a shuí chun leasa Tercas ([34]).

3. **BARÚLACHA ÁBHARTHA Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA**

(61) Chuir páirtithe leasmhara barúlacha isteach tar éis ghlacadh an chinnidh tosaigh. Ní dhéantar achoimre sa roinn seo ach ar bharúlacha a bhaineann leis an measúnú ar a mhéid atá na bearta i gceist inleagtha ar an Stát agus dá bhrí sin ní léiríonn sí na barúlacha uile a fuarthas.

([31]) *Ibid,* míreanna 128 go 131.
([32]) Breithiúnas i gcás C-425/19 P, míreanna 69 go 73.
([33]) *Ibid,* mír 77.
([34]) *Ibid,* míreanna 80 go 85.

3.1. **Barúlacha ón Iodáil**

(62) A mhéid a bhaineann leis na bearta a ghlac FITD a bheith inleagtha ar an Iodáil, bhunaigh an Iodáil a hanailís ar thástáil na hinleagthachta mar a forbraíodh i mbreithiúnas *Stardust Marine* a d'áitigh sí nach sásaítear sa chás seo ar na cúiseanna seo a leanas.

(63) Ar an gcéad dul síos, is eintiteas dlí phríobháidigh é FITD agus déanann sé a chinntí uile trína chomhlachtaí rialaithe, a bhfuil a chomhaltaí ina n-ionadaithe ar bhainc is comhaltaí agus atá go hiomlán uathrialach. Bhí an próiseas cinnteoireachta maidir le bearta tacaíochta den sórt sin go hiomlán neamhspleách agus ní raibh aon fhoráil ann le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach Bhanc na hIodáile ná aon chomhlacht poiblí eile. Cé gur ghlac ionadaí Bhanc na hIodáile páirt i gcruinnithe chomhlachtaí rialaithe FITD, ní fhéadfaí a fhorléiriú gur táscaire é sin ar rannpháirtíocht ghníomhach Bhanc na hIodáile sa phróiseas cinnteoireachta, ós rud nach raibh de ról ag an ionadaí ach ról breathnóra éighníomhaigh agus an ról sin amháin.

(64) Chuir an Iodáil in iúl thairis sin nach ndearna cumhacht Bhanc na hIodáile reachtanna FITD agus na leasuithe orthu a fhormheas agus idirghabhálacha aonair a údarú difear do phróiseas cinnteoireachta uathrialach FITD, ós rud é nach raibh i gceist leis an gcumhacht sin ach údarú *ex post* amháin ó Bhanc na hIodáile ina cháil mar an t-údarás a dhéanann maoirseacht agus stiúradh ar bhainistíocht géarchéimeanna, de bhun TUB. Cinneadh daingniúcháin a bhí i gcinneadh Bhanc na hIodáile, agus ní raibh i gceist leis ach seiceáil chúlghabhálach fhoirmiúil ar dhlíthiúlacht cinnidh 'phríobháidigh' a tugadh chun críche go hiomlán. Deimhníodh an anailís sin leis na fíorais agus go háirithe leis an ráiteas ar chúiseanna a tugadh san ordú lenar údaraigh Banc na hIodáile na bearta a rinne FITD, inar admhaigh Banc na hIodáile nach ndearna sé aon imscrúdú ar fhiúntas na roghanna a rinne FITD. Chun an argóint sin a neartú, mhaígh an Iodáil go bhfuil cosúlachtaí soiléire idir an cás seo agus cás *Sicilcassa*, cás ([35]) inar tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach Státchabhair a bhí san idirghabháil lena mbaineann i bhfianaise rannpháirtíocht chinntitheach eintiteas príobháideach.

(65) Maidir leis an bhfianaise dá dtagraíonn an Coimisiún sa chinneadh tosaigh, mhaígh an Iodáil nár léirigh sí cur isteach ar Bhanc na hIodáile i bpróiseas cinnteoireachta FITD. De réir na hIodáile, ní raibh aon chumhacht ag an riarthóir speisialta, d'ainneoin é a bheith ceaptha ag Banc na hIodáile, tionchar díreach a bheith aige ar chinneadh FITD cistiú a dheonú do bhanc atá i gcruachás. Ina ionad sin, ghníomhaigh sé nó sí mar bhainisteoir agus mar ionadaí dlíthiúil an bhainc i riarachán speisialta agus ní thar ceann Bhanc na hIodáile, is é sin le rá gur ghlac sé nó sí cumhachtaí dlí phríobháidigh uile na gcomhlachtaí rialaithe díscaoilte. Thairis sin, d'easaontaigh an Iodáil gur léiríodh cur isteach ó Bhanc na hIodáile. Maidir leis an sliocht i meabhrán ó Ard-Stiúrthóir FITD dar dáta an 28 Bealtaine 2014 inar luadh gur iarr ionadaí Bhanc na hIodáile ar FITD teacht ar chomhaontú cothrom le BPB chun an cothromas diúltach a chumhdach, níor mhór é a léirmhíniú mar ábhar dóchais agus seachas mar oibleagáid a shocrú. Thairis sin, thug an Iodáil dá haire nach ndéantar taifead in aon cheann de mhiontuairiscí ar na cinntí a rinne comhlachtaí rialaithe FITD a mhéid a bhaineann leis an idirghabháil chun leasa Tercas ar aon seasamh a chuir Banc na hIodáile chun cinn a thabharfadh le tuiscint gur imríodh tionchar ar FITD.

3.2. **Barúlacha ó Bhanc na hIodáile** ([36])

(66) Ina bharúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh, d'easaontaigh Banc na hIodáile go raibh idirghabháil tacaíochta FITD inleagtha ar an Stát mar:

(a) nár chomhlíon FITD sainordú beartais phoiblí agus é ag tacú le hinstitiúidí creidmheasa. Ba é an t-aon sainordú beartais phoiblí amháin a bhí ag scéimeanna ráthaithe taiscí taisceoirí a aisíoc. Ní féidir Airteagal 96-bis, mír 1, an abairt dheireanach, de TUB, lenar ceadaíodh do FITD idirghabháil a dhéanamh ar bhealaí eile seachas taisceoirí faoi chumhdach atá faoi leachtú a íoc amach go díreach, a fhorléiriú mar tháscaire go bhfuil sé inleagtha ar an Stát idirghabhálacha FITD seachas aisíocaíochtaí taisceoirí nó sainordú beartais phoiblí a shannadh do FITD. Níor ceadaíodh leis an bhforáil sin ach dul i muinín cineálacha eile idirghabhála;

([35]) Cinneadh 2000/600/CE ón gCoimisiún an 10 Samhain 1999 lena bhformheastar go coinníollach an chabhair arna deonú ag an Iodáil do na bainc phoiblí Banco di Sicilia agus Sicilcassa (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(1999) 3865) (IO L 256, 10.10.2000, lch. 21).

([36]) Chuir Banc na hIodáile a bharúlacha isteach mar thríú páirtí, agus, dá réir sin, ní chuirtear i láthair iad in éineacht le barúlacha na hIodáile sa roinn seo. Mar sin féin, ós rud é gur institiúid phoiblí é Banc na hIodáile arb ionann a iompraíocht agus iompraíocht an Bhallstáit agus nach dtagann sé lasmuigh de raon feidhme Airteagal 107 CFAE ar an mbonn gur comhlacht neamhspleách é, tagraítear dó freisin mar 'an Iodáil' sa roinn a bhaineann le measúnú na mbeart.

(b) ní dhearna Banc na hIodáile cinneadh, go ginearálta ná sa chás atá i gceist, i gcomhpháirt le FITD idirghabháil a dhéanamh chun tacú le gnóthas ar leith agus ní dhearna sé rialú go ngníomhódh FITD go comhsheasmhach le haon sainordú beartais phoiblí a sannadh dó. Níor fheidhmigh Banc na hIodáile cumhachtaí maoirseachta ach amháin ag féachaint do na cuspóirí maidir le taisceoirí a chosaint, cobhsaíocht an chórais baincéireachta agus bainistíocht fhónta stuama an bhainc. Thairis sin, chuir Banc na hIodáile in iúl nár rannchuidigh sé le dearadh ná le cur chun feidhme idirghabháil tacaíochta FITD agus nach bhféadfaí aon teagmháil idir é féin agus FITD sular cuireadh isteach iarratas FITD ar fhormheas Bhanc na hIodáile go foirmiúil a aicmiú mar rannchuidiú Bhanc na hIodáile leis na bearta sin. Níor chuir Banc na hIodáile ach treoir tosaigh ar fáil, i bhfianaise na bparaiméadar reachtach a rialaigh an nós imeachta um údarú ina dhiaidh sin, agus i bhfianaise na bparaiméadar sin amháin. Ní raibh aon tionchar ag an bhfíoras gurb é Banc na hIodáile a cheap an riarthóir speisialta ar an gcás atá i gceist agus a rinne maoirsiú air, ós rud é nach bhfuil difríocht mhór idir cúraimí agus aidhmeanna gníomhaíochtaí riarthóra speisialta agus cúraimí agus aidhmeanna 'gnáth-stiúrthóir' ar ghnóthas príobháideach i staid ghéarchéime. Níor ghníomhaigh an riarthóir speisialta thar ceann Bhanc na hIodáile. Níor shuigh ionadaí Bhanc na hIodáile a d'fhreastail ar chruinnithe bhord FITD agus an choiste feidhmiúcháin ach mar bhreathnóir agus ní raibh aon cheart vótála aige. Ní bhaineann sé le hábhar gur shocraigh eadránaí arna cheapadh ag Banc na hIodáile díospóid idir FITD agus BPB maidir le méid chothromas diúltach Tercas toisc gurbh iad na páirtithe, ar bhonn iomlán neamhspleách agus trí chomhaontú frithpháirteach, a d'iarr ar Bhanc na hIodáile duine aonair a chur in iúl, a ndeachaigh siad ar aghaidh ansin lena cheapadh mar eadránaí;

(c) bhí difríocht shuntasach idir an cás atá i gceist agus na bearta Státchabhrach a rinne an Danmhairg, an Spáinn agus an Pholainn, dá dtagraítear i bhfonóta 28 den chinneadh tosaigh, ar chinn an Coimisiún ina leith go raibh na hacmhainní a úsáideadh in idirghabhálacha scéim ráthaithe taiscí ar fáil do na húdaráis phoiblí agus dá bhrí sin go raibh na hidirghabhálacha inleagtha ar an Stát.

3.3. **Barúlacha ó pháirtithe leasmhara eile**

(67) D'áitigh na páirtithe leasmhara eile, is iad sin FITD, BPB agus Tercas, go ndearna an Coimisiún earráid agus é ag rá gur rídhócha go ndeonódh scéimeanna ráthaithe taiscí Státchabhair ós rud é go ngníomhaíonn siad faoi shainordú poiblí agus go bhfuil siad fós faoi rialú na n-údarás poiblí. Mheas siad gur tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid go raibh na bearta a rinne FITD inleagtha ar an Stát ar an bhforas gur forchuireadh idirghabhálacha den sórt sin le dlí agus ar an bhforas sin amháin. Thagair siad d'Airteagal 96-bis de TUB, a ndearnadh foráil ann go*bhféadfaidh* scéim ráthaithe taiscí 'a bheith páirteach i gcineálacha agus saghsanna eile idirghabhála', agus chuir siad in iúl, *inter alia*, go ndearna cineál neamhshainordaitheach idirghabhálacha FITD an nasc idir gníomhaíocht FITD agus a mhisean reachtúil a scaradh.

(68) Chuir FITD in iúl gur eintiteas dlí phríobháidigh é, arna rialú agus arna bhainistiú ag bainc is comhaltaí, agus gur ghníomhaigh sé mar mheán chun idirghabhálacha a bhí inleagtha go díreach orthu a chur chun feidhme. Chinn comhlacht rialaithe FITD dá lánrogha féin cé acu is ceart idirghabhálacha tacaíochta a dhéanamh nó nár cheart, agus cathain agus conas iad a dhéanamh, agus an t-aon cheanglas amháin a bheadh ann nach mbeadh an idirghabháil chomh costasach céanna le taisceoirí a aisíoc. Níor ghníomhaigh FITD faoi aon sainordú poiblí agus bearta tacaíochta á ndéanamh aige agus ní fhéadfadh aon chomhlacht poiblí iallach a chur air idirghabháil a dhéanamh. Níor tugadh údarú Bhanc na hIodáile ina dhiaidh sin ach amháin chun leordhóthanacht na hidirghabhála a fhíorú ó thaobh na maoirseachta stuamachta de, ag áirithiú go raibh sí comhoiriúnach leis an ngá taisceoirí a chosaint agus le cobhsaíocht an chórais baincéireachta.

(69) Ina theannta sin, chuir na páirtithe leasmhara eile in iúl nach raibh ballraíocht in FITD sainordaitheach agus nár chuir an Stát isteach ar cheapadh chomhaltaí chomhlachtaí rialachais FITD ná ar a phróiseas cinnteoireachta. Ní dhearna an fíoras gur ghlac Banc na hIodáile páirt mar bhreathnóir, gan cearta vótála, difear do phróiseas cinnteoireachta neamhspleách FITD. Agus tagairt á déanamh acu do bhreithiúnas *EARL Salvat père et fils* ([37]), mheas siad gur cheart ionadaíocht a bheith ag an Stát i gcomhlacht cinnteoireachta eagraíochta agus a bheith in ann a chinntí a fhorchur chun go mbeadh ann do Státchabhair.

(70) D'áitigh na páirtithe leasmhara eile freisin gur comhlacht é FITD a dhéanann ionadaíocht ar leasanna a bhanc is comhaltaí agus nár chuir na cumhachtaí a sannadh ar Bhanc na hIodáile i ndáil le gníomhaíochtaí FITD ar a chumas ach a aidhmeanna maoirseachta ginearálta a shaothrú agus sin amháin, agus níos sonraí fós maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht fhónta stuama na n-eintiteas faoi mhaoirseacht agus ar chosaint leasanna taisceoirí. Cé gur cheap Banc na hIodáile riarthóir speisialta do bhainc i ngéarchéim, ní léiríonn an fíoras sin nasc leis an Stát. Chuir FITD in iúl freisin nach raibh an riarthóir speisialta, in ainneoin gurb é Banc na hIodáile a cheap é, ina ionadaí ar an údarás maoirseachta.

([37]) Breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2007, *EARL Salvat père & fils agus eile* v *an Coimisiún*, T-136/05, EU:T:2007:295, mír 154.

D'oibrigh an riarthóir speisialta le discréid leathan agus as a stuaim féin, agus níor fhéad ach iarraidh ar idirghabháil a dhéanamh chuig FITD, a bhí saor chun cinneadh a dhéanamh idirghabhálacha malartacha a dhéanamh chun leasa a bhanc is comhaltaí. Sa chás atá i gceist, ní dhearna an riarthóir speisialta cruinniú ginearálta an bhainc, arbh é an t-aon chomhlacht é a raibh sé de chumhacht aige oibríochtaí de chineál eisceachtúil a fhormheas, a fhorshuíomh. A mhéid a bhaineann le húdarú idirghabháil FITD ag Banc na hIodáile, chuir FITD in iúl nár eisíodh an t-údarú sin go dtí go raibh cinneadh neamhspleách déanta ag FITD idirghabháil a dhéanamh agus go raibh sé mar chuid de ghnáthról maoirseachta Bhanc na hIodáile. Thairis sin, níor shuigh ionadaí Bhanc na hIodáile a d'fhreastail ar chruinnithe bhord FITD agus an choiste feidhmiúcháin ach mar bhreathnóir gan cearta vótála. Ina theannta sin, mar a mhaígh an Iodáil, d'áitigh na páirtithe leasmhara eile nach raibh na cásanna dá dtagraíonn an Coimisiún sa chinneadh tosaigh maidir le scéimeanna ráthaithe taiscí inchomparáide leis an gcás atá i gceist.

4. MEASÚNÚ AR NA BEARTA

4.1. Cabhair a bheith ann

(71) Chun a fháil amach an cabhair é beart de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ní mór don Choimisiún an méid seo a leanas a chinneadh: (i) an ndeonaíonn an Stát an beart nó an ndeonaítear é trí acmhainní Stáit; (ii) an soláthraítear buntáiste eacnamaíoch leis an mbeart; (iii) an féidir an iomaíocht a shaobhadh leis an mbeart trí fhabhar roghnaitheach a thabhairt do ghnóthais áirithe nó trí earraí áirithe a tháirgeadh; (iv) an ndéanann an beart difear don trádáil idir na Ballstáit. Ní mór na coinníollacha sin go léir a chomhlíonadh chun gur Státchabhair é beart de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

(72) Trí bhíthin an bhreithiúnais i gcásanna uamtha T-98/16, T-196/16 agus T-198/16, chuir an Chúirt Ghinearálta Cinneadh (AE) 2016/1208 ar neamhní. Go háirithe, chinn an Chúirt Ghinearálta nár thug na bearta a rinne FITD éifeacht do shainordú poiblí a tugadh le dlí na hIodáile, rud atá contrártha leis an méid a bhreithnigh an Coimisiún i gCinneadh (AE) 2016/1208. Rinne sé measúnú breise ar an bhfianaise ar a raibh an Coimisiún ag brath i gCinneadh (AE) 2016/1208, agus chinn sé, i bhfianaise na fianaise sin, nár chruthaigh an Coimisiún ar an gcaighdeán dlíthiúil is gá go raibh baint ag údaráis phoiblí na hIodáile le glacadh na mbeart a rinne FITD nó go raibh na bearta sin inleagtha ar an Stát de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

(73) Seasadh leis an mbreithiúnas sin ar achomharc ón gCúirt Bhreithiúnais, a shoiléirigh, lena rialú, ina suí mar Mhór-Dhlísheomra, a cásdlí maidir le hinleagthacht ar an Stát bearta arna ndeonú ag eintiteas arna rialú ag an dlí príobháideach nach eagraíocht de chuid an Stáit ná gnóthas poiblí é.

(74) Go háirithe, mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais, i gcás inar eintiteas príobháideach é an t-eintiteas a sholáthair an chabhair, tá difríocht idir an fhianaise iomchuí chun a léiriú go bhfuil beart inleagtha ar an Stát agus an fhianaise is gá i gcás inar gnóthas poiblí é an t-eintiteas a sholáthraíonn an chabhair, agus is léir go bhfuil an easpa naisc de chineál caipitil idir an t-eintiteas lena mbaineann agus an Stát ábhartha ina leith sin. De réir na Cúirte Breithiúnais, ós rud é go bhfuil naisc den sórt sin in easnamh i gcás den chineál sin, ní féidir leis an gCoimisiún brath ar naisc de chineál caipitil a bheith ann idir eintiteas den sórt sin agus an Stát. Dá bhrí sin, i gcásanna den sórt sin, tá ceanglas níos déine fós ar an gCoimisiún fianaise a leagan amach lena bhféadfaí a shuí gur glacadh an beart cabhrach atá á bhreithniú faoi thionchar nó faoi rialú iarbhír na n-údarás poiblí.

(75) Dúirt an Chúirt Bhreithiúnais freisin gur ar bhonn na hanailíse ar an bhfianaise ar fad ar ar bhraith an Coimisiún i gCinneadh (AE) 2016/1208, a glacadh i gcomhthéacs, a tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid nár chruthaigh an Coimisiún ar an gcaighdeán is gá go raibh na bearta a rinne FITD inleagtha ar an Iodáil.

(76) I bhfianaise an mhéid sin, ós rud é nach bhfuil aon fhianaise ábhartha bhreise ina sheilbh ag an gCoimisiún a d'fhéadfadh a léiriú go dtí an caighdeán dlíthiúil is gá go ndearna FITD na bearta atá á mbreithniú faoi thionchar nó faoi rialú iarbhír údaráis na hIodáile, ní mór a theacht ar an gconclúid, ar bhonn na fianaise atá ar fáil don Choimisiún, nach bhfuil na bearta sin inleagtha ar an Iodáil.

4.2. Conclúid

(77) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, is é conclúid an Choimisiúin nach leor an fhianaise atá ina sheilbh aige chun a chruthú go mbaineann Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE leis na bearta a rinne FITD.

5. **CONCLÚID**

(78) Suíonn an Coimisiún nach Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE iad na bearta a rinne FITD chun tairbhe Tercas in 2014.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ní cabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE iad na bearta arna ndéanamh ag scéim ráthaithe taiscí na hIodáile, *Fondo interbancario di tutela dei depositi*, chun tairbhe Tercas in 2014.

Airteagal 2

Is ar Phoblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Didier REYNDERS
Comhalta den Choimisiún